☸An Lúibín☸

31 Deireadh Fómhair 2009

Nós* faoi réim
The on-line Irish language magazine nós* *has won a glittering prize.*

I dtús Mhí Dheireadh Fómhair bhí ócáid mhór idirlín na hÉireann - *Irish Web Awards 2009* – ar siúl i mBaile Átha Cliath. Bronnadh a lán duaiseanna i mórán rannóg; bhí iomaíocht ghéar ar siúl don Suíomh Gaeilge Is Fearr, agus ba é www.nosmag.com a rug leo an chraobh mhór.

Bhí áthas ar fhoireann na hirise. Tá sí ag teacht amach le bliain go leith, agus tá an t-eagarthóir, Tomaí Ó Conghaile, ag iarraidh gaisce eile a dhéanamh – conradh a fháil ó Fhoras na Gaeilge chun iris nua Ghaeilge a chur amach ar conradh ag Foras na Gaeilge. Comórtas eile, agus súil aige go mbéarfaidh siad craobh eile leo le teann taithí agus oilteachta.

Seoladh *nós** ar líne i Márta 2008, agus tá á fhoilsiú i gcló gach mí ó Eanáir 2009, ag cur síos ar cheol, ar scannáin, ar stíl, ar theicneolaíocht agus ar thaisteal.

♦❖♦❖♦❖♦

Léacht Uí Chadhain
A prestigious Irish-language lecture series and a prestigious scholar: the views of Professor Nicholas Williams on Irish and Cornish.

Ócáid shuntasach is ea Léacht Uí Chadhain - léacht bhliantúil i gcuimhne an scríbhneora Máirtín Ó Cadhain (1906-1970). Bíonn sé le cloisteáil i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. An tOllamh N.J.A. Williams a thug an léacht i mbliana ar 22/10/09.

Is é ba theideal don léacht 'An Chornais agus an Ghaeilge – ceacht nó rabhadh?' agus thug an tOllamh cuntas ar mheath agus athbheochan na Coirnise. Cíoradh na difríochtaí agus na cosúlachtaí atá idir staid na Coirnise agus staid na Gaeilge; is í an difríocht is mó go bhfuair Coirnis (teanga atá gaolmhar le Breatnais agus le Briotáinis) bás mar theanga cheart phobail timpeall na bliana 1800 agus gurbh éigean do ghasra díograiseoirí í a athbheochan (cé gur mhinic a lucht saothraithe ag achrann le chéile faoin saghas Coirnise ab fhearr a úsáid – achrann atá réitithe anois, a bheag nó a mhór).

Bhí Nicholas ag múineadh na Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ó 1977 go dtí 2008. Nuair a chuaigh sé ar scor bhí sé ina Chomhollamh le Teangacha Ceilteacha. D'fhoghlaim sé Coirnis agus é ar scoil agus Gaeilge ina fhochéimí dó, agus tá mórán scríofa aige faoi Ghaeilge, faoi Choirnis agus faoi Mhanainnis. D'fhoilsigh sé leabhar ag moladh go simpleofaí litriú agus gramadach an Chaighdeáin Oifigiúil, agus rinne aistriúchán Coirnise den Tiomna Nua.

Tá a bharúil féin aige i dtaobh na dteangacha: Más mionteanga í, is díol spéise í; má tá sí ar an dé deiridh, is an-ábhar suntais í; má tá sí imithe ar fad, ní foláir í a fhoghlaim.

♦❖♦❖♦❖♦

Daonscoil

The week-long residential Irish-language course in Victoria.

Ó 3 Eanáir 2010 go dtí 10 Eanáir 2010: an Daonscoil bhliantúil in Victoria, cúrsa Gaeilge a fhreastlaíonn ar fhoghlaimeoirí agus ar chainteoirí líofa araon.

Bíonn sé ar siúl amuigh faoin tuath in Rowsley sa Lady Northcote Recreation Camp, in aice le Bacchus Marsh agus timpeall uair an chloig de thiomáint ó Melbourne.

Táillí:
Duine fásta $480
Dalta (4-15 bliain) $365
Páiste (2-4 bliana) $245
Ráta laethúil $80, táille a íocann as lón, suipéar, iostas oíche agus bricfeasta

Suíomh: www.gaeilgesanastrail.com

Ríomhphost: feedback@gaeilgesanastrail.com

Léarscáil: http://www.multimap.com/maps/?qs=rowsley&countryCode=AU.

Foirmeacha an Chláir
Clare's County Council is to the fore in providing documents in Irish. A pity, then, that they reproduce so faithfully the stodge of their English orginals.

Tá an-éileamh ar fhoirmeacha Gaeilge ó Chomhairle Chontae an Chláir, rud a chruthaíonn go bhfuil suim ag teacht arís ag daoine sa teanga. Is maith an rud é go bhfuil na foirmeacha sin le fáil, agus is dona an rud é go bhfuil caighdeán na Gaeilge iontu chomh híseal le caighdeán an bhunBhéarla. Is é bunús na faidhbe an lomaistriúchán a rinneadh ar an mBéarla agus gan baint aige le dul nádúrtha na Gaeilge. Ag seo sliocht as Plean Corporáideach an Chontae.

> Le foilsiu an phlean tá an chéad rud i bpróiseas curtha i gcrích. Beidh déanamh agus cur ngníomh Pleananna Feidhme ar leith i gceist sa chéad chéim eile trinar féidir an Plean Corparáideach a chur i ngníomh. Tá an Plean corparáideach cuimsitheach agus tá reimse leathan aige. Cé go bhfuil a chuspóirí uaillmhianach táthar ag iarraidh go gníomhach iad a bhaint amach. De réir mar a dhéantar dul chun cinn tabharfar réimsí nua faoi deara inar féidir tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh. Cuirfear tuarascáil ar fáil gach bliain ag déanamh miontuairisce ar dhul chun cinn cur i ngníomh an phlean.
>
> Táimid ag iarraidh a chinntiú go cúramach go n-aithnítear an plean Corparáideach mar chaipéis beo is féidir a athrú de reir riachtanas tomhaltóirí agus tosaíochtaí a bhíonn ag athrú. Is áthas linn tuairimí ar chlár an Phlean agus ar ár ndul chun cinn féin in aghaidh na gcuspóirí a socraíodh, a cuirtear faoi bhráid.

Ba dheacair é seo a mholadh, agus ní deacair é a fheabhsú mar a leanas:

> *Is é foilsiú an Phlean an chéad chuid den obair. Is é an chéad rud eile atá le déanamh Pleananna Feidhme a bheartú agus a chur i ngníomh, rud a chuirfidh ar ár gcumas an Plean Corporáideach a chur i gcrích. Plean cuimsitheach forleathan atá i gceist, agus súil againn le han-toradh ar a chuid cuspóirí. Beimid ar ár ndícheall ag iarraidh iad*

siúd a bhaint amach, agus rudaí eile á bhfeabhsú de réir mar is gá. Cuirfear tuarascáil amach gach bliain ag cur síos ar a ndearnadh go dtí sin.

Tá fonn orainn deimhin a dhéanamh de gur rud beo é an Plean Corporáideach, agus é ag freagairt do riachtanais na gcustaiméirí agus do chuspóirí nua. Tá fáilte againn roimh thuairimí ar an bPlean agus ar an rath a tháinig ar na cuspóirí.

Agus seo an leagan Béarla, rud a fáisceadh as broinn an mhaorlathais:

The publication of the Plan represents the completion of the first step in a process. The next phase will include the production and implementation of individual Operational Plans through which the Corporate Plan can be implemented. The Corporate Plan is comprehensive and broad ranging. Its objectives, while ambitious, are being actively pursued and as progress is achieved new areas will be identified where further improvements can be made. Each year a report will be produced detailing the progress made in the implementation of the plan.

We are anxious to ensure that the Corporate Plan is seen as a living document capable of change in response to customer needs and changing priorities. We welcome the submission of comments on the contents of the Plan and our actual performance against the objectives agreed.

http://www.clarecoco.ie/Aboutus/Docs/Corporate_Plan_2004_2009/Corp_Plan_A_Foreword.html

♦❖♦❖♦❖♦

Gaeilge Crossley
In a country district in Victoria, Australia, local people are talking of reviving a local language - the Irish brought there by 19th century settlers.

Is díol mór spéise é a bhfuil ag tarlú i gCrossley, baile beag i stát Victoria na hAstráile agus é tamall amach ó aigéan an deiscirt: tá bunadh na háite (sliocht na nGael) ag iarraidh Gaeilge a chur á labhairt ann arís. Tá borradh faoin gceol ann le fada an lá, agus anois tá gné eile den dúchas á hathmhúscailt.

Tá Crossley in aice le Koroit, áit ar chuir na hÉireannaigh fúthu go tiubh sa 19ú haois. Deirtear go raibh Gaeilge á labhairt sa limistéar ar feadh cúpla glúin agus paidreacha á rá inti chomh déanach leis na 1950í. Tá ceangal idir na trí bhaile bheaga ann – Crossley, Cill Áirne agus Tower Hill – agus anois tá Lárionad Cultúrtha agus Oidhreachta déanta acu de shéipéal Naomh Bríd i gCrossley.

B'fhéidir gurbh é athbheochan an cheoil a spreag daoine chun suim a chur sa teanga arís: gach bliain i dtús Mhí Eanáir tagann slua le chéile in Koroit le haghaidh an *Lake School of Celtic Music, Song and Dance*, ócáid a bhfuil ranganna teanga ag roinnt léi. Pé scéal é, cuireadh ceist ar gach teaghlach sa cheantar agus ba é an freagra coitianta gur mhaith an rud é an Ghaeilge a shaothrú arís.

Ar 19/10/09 tháinig scata gníomhaithe (nárbh as Crossley dóibh go léir) le chéile sa Chlub Ceilteach i Melbourne chun an scéal a scagadh. Ba léir gur dearcadh stuama réadúil atá ag muintir na háite. Níl súil acu le míorúiltí – a mhalairt ar fad. Ach mar adúirt duine amháin, bhí an dúchas curtha i dtaisce agus ní foláir é a nochtadh arís. An t-éileamh, an áit, na múinteoirí agus na hacmhainní – sin a bhfuil ag teastáil.

Glacadh leis go raibh dúil sa teanga, ach glacadh leis freisin nár chóir a bheith ag súil leis an iomarca. Go fiú dá dtiocfadh scata maith chun an chéad rang is beag duine a bheadh ann i gceann bliana; ba chuma, áfach, ach cúpla duine a bheith ann a leanfadh den obair, daoine a choinneodh an teanga beo don chuid eile. Bheadh gá le múinteoirí líofa a bhfuil fuinneamh

agus beocht iontu. Pé cabhair a bheadh le fáil ó phríomheagraíocht Ghaeilge Victoria, Cumann Gaeilge na hAstráile, caithfidh Crossley a iomaire féin a threabhadh.

Rinneadh tagairt do Bhundúchasaigh an cheantair agus d'athbheochan a dteanga, obair a cuireadh i gcóimheas le hathbheochan na Gaeilge.

Cuimhniodh freisin ar thábhacht an bhéaloideasa – conas a d'fhódaigh na hÉireannaigh iad féin san áit agus conas a streachail siad leis an saol, cé go ndúirt duine amháin go raibh sé ródhéanach anois cuid mhaith den ábhar ab fhearr a bhailiú.

Ní fios, ar ndóigh, an n-éireoidh leis an iarracht seo. Ach tá daoine sásta tabhairt faoi – an chéad iarracht a thug pobal áitiúil in aon áit lasmuigh d'Éirinn ar an teanga a chuir á húsáid arís ar a bhfód dúchais.

Tá Crossley le fáil ar léarscáil anseo:
http://www.multimap.com/world/AU/Victoria/Crossley

♦❖♦❖♦❖♦

Vicipéid agus Vicipéideoirí
The English-language Wikipedia is now a closed shop; in the Celtic languages the field is open.

Fógraíodh le déanaí go bhfuil deireadh leis an deis a bhí duine ar bith cur le Wikipedia de réir mar ba mhian leis. Anois tá smacht curtha ag bord na n-eagarthóirí ar an tionscadal, agus doicheall orthu roimh strainséirí fánacha. Beidh dealramh proifisiúnta ar an ngnó feasta.

Ní mar sin atá an scéal ag Vicipéid – Wikipedia na Gaeilge. Is féidir leat fós do ladar a chur sa mhias, cuma cárb as duit, agus an leite a mheascadh ar do dhícheall – nó thar do dhícheall fiú. Fágann sin roinnt alt atá níos fearr ná a chéile ó thaobh ábhair agus stíle de; ní fada a bheifeá ag léamh leat sula dtiocfá ar Ghaeilge lochtach, ach sin nádúr an ghnó – fáilte roimh chách agus na Gaeilgeoirí is fearr ag ceartú shaothar na nGaeilgeoirí is laige.

Díorma sách beag atá ag soláthar ábhair i nGaeilge faoi láthair, agus iad ag obair de réir mar is acmhainn dóibh, agus easpa ama orthu go minic. Tá na teangacha Ceilteacha go léir le fáil mar chuid de Wikipedia, agus Briotáinis, Breatnais agus Gaeilge chun tosaigh. Is gearr ó tháinig fógra ó lámh Ard-Rúnaí an Chumainn Cheiltigh, Seanán Ó Coistín (fear a dhéanann a chion féin mar Vicipéideoir), agus é á rá gur cheart uimhir na n-alt sna sé theanga Cheilteacha a mhéadú chun go mbeadh na leaganacha úd ina n-acmhainn ag mic léinn, ag múinteoirí, ag iriseoirí, ag lucht gnó agus taighde agus eile, agus chun go mbeadh ceann de na teangacha úd ar na deich dteanga is mó úsáid ar leathanach baile Wikipedia.

Molann Seanán go n-earcófaí daoine d'aonghnó chun ailt a scríobh agus go ngeallfaidís a oiread alt a sholáthar agus ab fhéidir leo – ceann in aghaidh an lae, b'fhéidir. Níl a fhios againn an féidir le duine ar bith a leithéid d'eachtra a dhéanamh, ach ba mhór an tairbhe dá scríobhfaí alt sa mhí.

B'fhearr gach alt Gaeilge a bhunú ar thaighde neamhspleách, ach ar éigean is féidir é sin a dhéanamh faoi láthair, go háirithe más áil le daoine ábhar a sholáthar go dlúsúil dolcarnach, agus is minic creach á tabhairt anonn ó fhearann an Bhéarla. Ba chóir, ar a laghad, ailt a lorg i dteangacha eile de chuid Wikipedia lena dtiontú go Gaeilge, ar choinníoll nár tháinig siad siúd ó Bhéala sa chéad dul síos. Ach an té arb áil leis Vicipéid a líonadh ar ais nó ar éigean, is furasta dó an t-aicearra a ghabháil.

Ba mhaith le Seanán dul i dteagmháil le daoine a bhfuil suim acu sa tionscadal. Scríobh chun seananoc@gmail.com.

⬧❖⬧❖⬧❖⬧

Tuin
What an Australian accent can tell us.

An imirce isteach a rinne an Astráil, agus tuin 'choimhthíoch' ar na mílte dá bharr. Uaireanta tá mealladh éigin ag baint leis – an blas 'gleoite' atá ar Bhéarla an Fhrainciseora. Cuireann sé i gcuimhne dúinn nach aon dóithín é an Béarla mar theanga – rud deacair anásta nach féidir a thabhairt chun míneadais ach amháin le tréan-iarracht (ar nós na Gaeilge, b'fhéidir).

Tuin ar leith atá ar Astrálaigh (an chuid acu a rugadh anseo), tuin ar deacair aithris a dhéanamh uirthi agus a fhágann a rian ar theangacha eile a dtugann Astrálaigh fúthu. An fiú gearán a dhéanamh? Ní fiú, ach b'fhiú aird a dhíriú ar cheist níos leithne – an chaoi a múintear teangacha sa tír seo. Ceist í a bhfuil fadhbanna difriúla ag baint leis: neamhshuim na ndaltaí (agus a dtuismitheoirí) i dteangacha eile, a laghad sin ama a chaitheamh á múineadh, easpa múinteoirí líofa, gan daltaí a chur ag foghlaim teanga le héifeacht roimh sheacht mbliana d'aois, gan socrú ar cé acu teangacha ar cóir tús áite a thabhairt dóibh. An cúpla focal Fraincise nó Indinéisise nó Seapáinise ag ár bhformhór agus ár sainbhlas beannaithe féin orthu.

Mura raibh Béarla againn cheana bheadh orainn é a fhoghlaim, go háirithe agus sinn chomh scoite amach sin; ach bhí i ndán dúinn gan a bheith fágtha i dteannta, agus féach anois sinn ar aon teanga le Meiriceá. Is beag páiste sa tír seo nach bhféadfadh aithris chruinn a dhéanamh ar thuin na bPoncán, cé nach gcruthaímid leath chomh maith sin agus canúintí eile i gceist.

Ní aon tuin Astrálach amháin atá ann, i ndáiríre; scéal é atá ag brath ar d'aicme shóisialta, ar do chineál, ar do phost, ar an oideachas atá ort; agus is iad na rudaí céanna, mórán, a shocraíonn cé acu a bheadh teanga eile ar do thoil acu nó nach mbeadh. Má mhaireann agus borrann an teanga Ghaeilge sa tír seo tiocfaidh a sainbhlas céanna uirthi, pé olc maith linn é: blas na tíre seo, tuin chorr an deiscirt.

⬧❖⬧❖⬧❖⬧

Cogaí teorann
Pakistan fights its wildest tribes – and itself.

As na fásaigh a thagann na fáithe, le pléascáin agus le kalashnikovanna; sa Pacastáin tagann siad aniar aduaidh, as réigiún nach dtugann aird ar an teorainn atá ina ainm is a bheith ann idir an Phacastáin agus an Afganastáin.

Tá arm an Pacastáine ag iarraidh smacht a fháil ar an Vaisíreastáin Theas, áit nár ghéill go mánla riamh don namhaid. Tá treibheanna na Vairíseastáine ag cur i gcoinne coimhthíoch le fada an lá. Thug na Briotanaigh sé ruathar ar a laghad idir na blianta 1850 agus 1880, ach níor éirigh leo an lámh in uachtar a fháil ar na Másúdaigh go dtí na 1920í, a bhuíochas sin ar na heitleáin; agus thug na treibheanna dúshlán na naimhde fós ina dhiaidh sin. D'aithin na Briotanaigh (nó cuid acu) gur mhó an bhaint a bhí ag 'fadhb na teorann' le cúrsaí geilleagair ná le cúrsaí míleata, agus níl feidhmeannaigh Phacastánacha dall ar an méid sin ach oiread; ach meastar go gcaithfear dul i muinín an chlaímh ar dtús. Is é atá i dtreis anois 30,000 saighdiúir, tancanna, gunnaí móra, eitleáin agus heileacaptair armtha; gabhann na saighdiúirí agus na teifigh thar a chéile.

Deirtear go bhfuil an limistéar treibheach seo in iarthuaisceart na Pacastáine 'gan dlí ná reacht'. A mhalairt atá fíor; tá dlíthe diana i bhfeidhm ann ach is beag baint atá acu le reacht

an rialtais. Is ann atá an Talaban (dream measctha le cuspóirí difriúla) lonnaithe, agus anois tá na 'hantoiscigh' agus a gcairde le fáil in áit eile – cúige méith na Puinseáibe.

Ta nasc stairiúil ag an bPuinseáib leis an Afganastáin. Ghlac an prionsa mór Afganastánach Ahmad Shah Durrani (c.1723–1773), Paistiúnach, seilbh ar an bPuinseáib (a áit dhúchais) mar chuid dá impireacht, agus greim aige air anuas go dtí an bhliain 1762. (Deirtear uaireanta gur dheacair riamh stát buanseasmhach a dhéanamh den Afganastáin cheal na Puinseáibe.) Na Saícigh a ghlac seilbh ar an bPuinseáib ina dhiaidh sin, ach is iomaí treibh Phaistiúnach atá ann fós. Níl easpa tionsclaíochta ar an gcúige inniu, ach is í an fheirmeoireacht an cheird is treise i gcónaí agus í faoi smacht ag scata beag tiarnaí talún.[1]

Is é Láhór príomhchathair an chúige agus é ar an gcathair is galánta sa Phacastáin, áit léinn, ealaíne, ghnó agus 'Lollywood' – scannánaíocht scléipeach na tíre. Is gearr ó thug an Talaban amas faoin gcathair – áit a bhfuil a cultúr bunoscionn lena gcreideamh cúng féin.

I bPeiseabhar a bhuail an Talaban an buille ba dhéanaí acu: príomhchathair Chúige na Teorann Thiar Thuaidh, agus lárionad Réimsí Treibheacha Chónaidhm na Pacastáine. Áit ársa í a fháiltíonn roimh lucht trádála ón Afganastáin, ó dheisceart agus ó oirthear na hÁise agus ón Meán-Oirthear. Is minic cuma an tseansaoil ar na tithe, agus crannaíl laitíse ar na balcóiní. Tá teifigh ón Afganastáin ann leis an blianta fada, agus saothraítear an cultúr Paistiúnach ann; ach tá baint ag an gcathair freisin leis an achrann atá ar siúl idir an chuid is crua den Talaban, Muslamacha liobrálacha agus náisiúnaithe Puistiúnacha. Dá chomhartha sin, chuir an Talaban scrín an fhile mhóir Phaistiúnaigh Rahman Baba in aer i mbliana, ach ba mheasa go mór an pléascadh ba dhéanaí – ceann a mharaigh agus a ghortaigh an oiread sin ban agus páistí, agus baint aige, is dócha, le hionsaí na bhfórsaí armtha cois teorann.

Tá gnáth-throdairí an Talaban ag troid ar a lán cúiseanna – airgead síos, naimhdeas treibheach, gráin ar choimhthígh. Is é a chuireann imní ar lucht anailíse an Iarthar an bhaint a d'fhéadfadh a bheith ag al-Qaída leis an ngnó. Deirtear go bhfuil an-chaidreamh ag ceannasaithe an Talaban agus al-Qaída ar a chéile agus go bhfuil 'na hArabaigh' gnóthach i mbun teagaisc. Luaitear mar chruthú gur tháinig méadú mór ar an méid ionsuithe san Afganastáin a rinneadh le pléascáin sheiftithe ón mbliain 2004 i leith. Deirtear freisin gur beag fianaise atá ann gur aistrigh lucht ceannais al-Qaída go háiteanna eile, leithéid na Somáile: iad lonnaithe san Afganastáin agus sa Phacastáin le glúin anuas, iad ar a shuaimhneas ann, agus campaí traenála acu sa limistéar teorann. Deirtear gur dheacair dóibh fanacht i mbun oibre agus iad spréite amach. Ní féidir scileanna míleata a mhúineadh tríd an Idirlíon; caithfear iad a fhoghlaim ar dhroim an domhain.

Dealraíonn sé go bhfuil ceangal idir al-Qaída agus na grúpaí is dúire agus is dígeanta in iarthuaisceart na Pacastáine - Tehrik-e-Taliban Pakistan (TTP), Lashkar-e-Jhangvi agus Jish-e-Muhammad. Tá TTP ar na grúpaí is láidre; bhí aird an dá ghrúpa eile dírithe ar an gCaismír riamh, le cúnamh ó sheirbhísí rúnda na Pacastáine. Is deacair iad a chur faoi chois agus bonneagar daingean acu, go háirithe gréasán mór scoileanna a bhaineann le seict Shunnaíoch, na *Deobandi*.

Dá mhéad imní a chuireann al-Qaída ar an Iarthar (agus i gcás na Pacastáine níl ar aird na Meiriceánach ach an t-iomard a leanann al-Qaída) tá rud eile ag dó na geirbe ag lucht ceannais na Pacastáine: conas an stát féin a choinneáil le chéile. Tá daoine ann a chuirfeadh i gcuimhne dúinn gur tharla an dealú ó chéile cheana: scar an Phacastáin Thoir agus rinneadh Bangla Deis di; b'fhéidir go ndéanfadh an Bhalúitseastáin an rud céanna, agus is beag nár tharla sé cheana sna limistéir theorann. Tá daoine ann a déarfadh leat nach stát ceart atá i gceist anseo ach teorainn an-fhada a bhfuil scothaicme beag Puinseábach ag iarraidh í a

[1] Tá a lán rudaí sa Phuinseáib nach dtaitneodh go mór leis an Talaban: diansaothrú cheol clasaiceach na tíre (is iomaí *raga* a chuir ceoltóirí Muslamacha leis an traidisiún), na féilte Sufacha ag tuamaí na naomh, agus *Basant* – féile mhór an Earraigh i Láhór a tharraingíonn na mílte.

choinneáil faoi smacht. Níl an teorainn agus an stát ag teacht le chéile. Ní bhfuair na Briotanaigh ná aon dream eile máistreacht ar chuid mhaith den limistéar 'Pacastánach' – an Bhalúitseastáin, an Teorainn Thiar Thuaidh, bánta tura na Sinde, sléibhte na Caismíre. B'fhéidir go bhfuil bunús éigin leis an tuairim gurbh é an réiteach a rinne an Phacastáin ar cheist úd na teorann an Talaban a chruthú chun an Afganastáin a smachtú; más mar sin a bhí an scéal, d'fhill an feall ar an bhfeallaire. I bhfianaise na staire, ba dheacair do stát beag Puinseábach riamh gan géilleadh d'fhórsaí na teorann; agus tá 'saineolaithe' Indiacha ann a déarfadh leat gur gá don Phacastáin tacaíocht a iarraidh ar stát láidir na hIndia. Is beag Pacastánach a d'aontódh leis sin. I ndeireadh na dála, is é an t-oideachas agus an rath eacnamaíoch a thabharfaidh na treibheanna ar taobh an rialtais: cogadh eile nár thosaigh fós.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.